CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA - BREISOIDEACHAS & OILIÚINT ........................................................ 62

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOÁCDL

Mar Chathaoirleach, agus thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse 2024 a chur i láthair, a forbraíodh de réir oibleagáidí reachtúla BOOÁCDL mar atá leagtha amach in Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Soláthraíonn an plean seirbhíse seo achoimre ar an soláthar atá beartaithe i gceantar BOOÁCDL, thar an raon leathan gníomhaíochta i scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí, agus freastalaíonn sé ar riachtanais foghlaimeoirí ag bunoideachas, iar-bhunoideachas agus breisoideachas agus oiliúint. Tá réimse leathan gníomhaíochtaí pleanáilte sna stiúrthóireachtaí Scoileanna, Breisoideachais agus Oiliúna agus Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2024, le tacaíocht ó fhaisnéis airgeadais ghaolmhar agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha. Mar cheann de na BOOnna is mó sa tír, tá BOOÁCDL ag freastal ar dhaonra atá ag fás agus atá éagsúil ó thaobh eitneachta de agus a chuimsíonn go leor cultúir. Tá os cionn 865,000 duine sa cheantar agus is ionann sin agus breis is 17% den daonra náisiúnta agus os cionn 60% de dhaonra réigiún Bhaile Átha Cliath de réir na sonraí daonáirimh is déanaí.

Tá ról lárnach ag BOOÁCDL maidir le forbairt agus soláthar seirbhísí nuálacha, éifeachtúla agus atá dírithe ar an todhchaí dár bhfoghlaimeoirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Níorbh ann do na seirbhísí den scoth a chuirimid ar fáil murach rannchuidiú aonair agus comhchoiteann, dúthracht agus tiomantas leanúnach ár bhfoirne ar fad. Táim ag tnúth le fás agus éabhlóid leanúnach na seirbhísí a chuirimid ar fáil le linn 2024. Leanfaidh ár gclár tógála ar aghaidh ag cur tionscadail nuathógála agus athchóirithe ar fáil le fócas ar inbhuanaitheacht a fhreastalóidh ar riachtanais mhéadaitheacha na bhfoghlaimeoirí reatha agus na bhfoghlaimeoirí amach anseo.

# BOOÁCDL in Uimhreacha

## Caiteachas Bliantúil €280m



**Daonra ár réigiúin**
**Os cionn 860,000**

**Rannpháirtithe**
**Os cionn 75,000 Foghlaimeoir**






**Daoine**
**Os cionn 4,500 Ball Foirne**



100+ suíomh ar fud Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire Ráth an Dúin

Foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil ó 4 go 94 bliain d'aois = Os cionn 7% de dhaonra an réigiúin

Foireann teagaisc, oiliúna agus tacaíochta lánaimseartha agus páirtaimseartha


Príomhfheidhmeannach
Stiúrthóir Breisoideachas & Oiliúint
Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
Stiúrthóir Scoileanna (Iar-bhunscoil)
Stiúrthóir Scoileanna (Bunscoil)
3 Ionad Oiliúna
5 Choláiste Breisoideachais agus 6 Scoil Désholáthair
4 Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh
11 Ionad Ógtheagmhála
Foirne Cáilíochta, Pleanála agus Rannpháirtíochta Fostóirí BrOO
Seirbhísí Foirgníochta
Seirbhísí Corparáideacha
Seirbhísí Airgeadais
Bainistíocht & Seirbhísí Acmhainní Daonna
Seirbhísí TFC
27 Coláiste Pobail
4 Ghaelcholáiste
1 Aonad Lán-Ghaeilge
Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta
Foireann Forbartha agus Tacaíochta na Scoileanna
9 bPobalscoil Náisiúnta
1 Phobalscoil Speisialta agus 1 Scoil Ospidéil
3 Aonad Ardtacaíochta
Seirbhísí don Óige & Ionaid Forbartha Óige & Spóirt
Music Generation

## Forbhreathnú ar Phobalscoileanna Náisiúnta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) ina bPátrún ar naoi bPobalscoil Náisiúnta (PSN), Scoil Speisialta Pobail amháin (SSP) agus le déanaí, ar Scoil Náisiúnta an Ospidéil Pobail Athshlánaithe (SNOPA) i nDún Laoghaire. Tá éiteas ilchreidmheach ag na scoileanna seo, agus cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca acu: Sármhaitheas san Oideachas, Cúram, Comhionannas, Pobal agus Meas. Is iad na scoileanna seo na scoileanna náisiúnta státbhainistithe, státmhaoinithe amháin a sholáthraíonn oideachas ionchuimsitheach arna neartú ag clár Pátrúnachta, Goodness me, Goodness you (GMGY). Tá níos mó tuismitheoirí ag iarraidh ar an Stát níos mó roghanna a sholáthar do chineálacha scoile seachas múnlaí aonchreidmheacha. Freastalaíonn forbairt mhúnla na Pobalscoile Náisiúnta ar an dá éileamh agus léiríonn sé éabhlóid an-spreagúil a bhfuil an-fháilte roimpi in oideachas na hÉireann. Éiríonn le cáilíocht an oideachais agus an deis chun a ullmhú don saol i sochaí ilchreidmheach agus ilchultúrtha leanaí a tharraingt ó gach cúlra chuig múnla PSN. Táthar ag súil go leanfaidh an fás ar an múnla seo ar aghaidh go dtí 2024 nuair a athchumrófar na scoileanna aonchreidmheacha atá ann faoi láthair go múnla Pobalscoile Náisiúnta.

Chun a chinntiú go gcomhlíonfar cuspóirí straitéiseacha BOOÁCDL, soláthróidh BOOÁCDL na nithe seo a leanas ar fud na bPobalscoileanna Náisiúnta le:

- Foghlaimeoirí Go gcuirfear, oiliúint agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil a sholáthrófar i dtimpeallacht thacúil agus go gcuirfidh na torthaí is fearr is féidir ar fáil dár bhfoghlaimeoirí
- Foireann Go dtacófar lenár bhfoireann agus go spreagfar í chun feidhmiú agus forbairt, agus an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach a ndéanaimid agus ár ndícheall a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach
- Eagraíocht chun luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú
- Páirtithe leasmhara Go n-oibreofar i gcomhar le raon páirtithe leasmhara chun ár dtionchar inár bpobail a uasmhéadú agus chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh sna réigiúin ar a bhfreastalaímid.

## Forbhreathnú ar Shuímh Choinneála agus Cúraim Speisialta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina Phátrún ar dhá shuíomh Aonaid Cúraim Speisialta (ACS) agus ar scoil amháin de chuid an Ionaid Coinneála Leanaí (ICL). Cuireann BOOÁCDL raon seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna seo lena n-áirítear Acmhainní Daonna (AD), Seirbhísí Corparáideacha, tacaíocht TF chomh maith le tacaíocht do struchtúir diantacaíochta oideachais.

Tá dúshláin ag baint leis an meascán fachtóirí as a dtagann socrúchán na scoláirí sna scoileanna seo. Áirítear orthu sin caidrimh dhearfacha, dhearbhaithe a thógáil a chruthóidh tuiscint ar shlándáil agus ar fholláine mhothúchánach agus a chothóidh meon fabhrach i dtreo na foghlama. Tá dúshláin ann freisin maidir le cláir foghlama aonair a fhorbairt bunaithe ar fhoghlaim fíorshaoil a thugann aghaidh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Cuireann na suímh cúraim speisialta seo cur chuige tacúil, difreáilte agus spriocdhírithe ar fáil do sholáthar oideachais agus dul chun cinn do dhaoine óga. Tá siad athshlánaitheach ó thaobh nádúir de agus cuireann siad príomhphointe iontrála agus athrannpháirtíochta ar fáil do gach foghlaimeoir ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC).

I measc na gcuraclam a thairgtear sna suímh casta seo tá:

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- DCCÉ

Cuirtear réimse iomlán ábhar ar fáil lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, lena n-áirítear taithí oibre spriocdhírithe de réir phlean foghlama aonair an scoláire laistigh den CNC.

Gné thábhachtach den tacaíocht speisialaithe a chuirtear ar fáil sna suímh sin is ea ról sonrach BOOÁCDL maidir le foireann bainistíochta na scoile a threorú i dtaca le cur i bhfeidhm mholtaí na gCigireachta agus na bhFéinmheasúnaithe Scoile. I bhfianaise chastacht riachtanais na scoláirí sna suímh sin, díríonn na réimsí tacaíochta spriocdhírithe seo go príomha ar:


- Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil
- Litearthacht agus Uimhearthacht
- Scileanna Saoil
- Dul chun cinn san Oideachas agus
- Pleanáil ag leibhéal na scoile uile, an tseomra ranga, agus an dalta aonair

Chun a chinntiú go mbainfear amach cuspóirí straitéiseacha BOOÁCDL, soláthróidh BOOÁCDL na nithe seo a leanas ar fud na suíomh seo le:

- BOOÁCDL go gcuirfear oideachas, oiliúint agus seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil a thugtar i dtimpeallacht thacúil agus chun na torthaí is fearr is féidir a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí
- Foireann Go dtacófar lenár bhfoireann agus go spreagfar í chun feidhmiú agus forbairt, agus an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach a ndéanaimid agus ár ndícheall a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach
- Eagraíocht chun luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú
- Páirtithe leasmhara Go n-oibreofar i gcomhar le raon páirtithe leasmhara chun ár dtionchar inár bpobail a uasmhéadú agus chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh sna réigiúin ar a bhfreastalaímid.

## Forbhreathnú ar Sheirbhísí Óige & Spóirt

Is seirbhís tacaíochta í Óige & Spóirt BOOÁCDL do gach duine 10–24 bliain d'aois atá ina gcónaí i réigiún BOOÁCDL. Is é an post atá againn ná réimse tacaíochtaí a chur ar fáil a fhágann gur féidir cláir, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeáin oideachais, spóirt, áineasa agus forbartha a sholáthar agus a chomhordú do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. Déanaimid é seo trínár bhfoireann in BOO agus trí obair i gcomhar le heagraíochtaí náisiúnta forbartha óige, Comhairlí Contae Áitiúla, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDanna), eagraíochtaí forbartha pobail eile agus trí chomhairliúchán leis na daoine óga.




I ndaonáireamh 2022 bhí fás suntasach ar an daonra i réigiún ÁCDL, lena n-áirítear an t-ardú ar aoisghrúpaí ar leith i ngach ceann de na ceantair bhardasacha. In 2024, beidh an tSeirbhís Óige agus Spóirt ag cur a bPlean Forbartha um Obair don Aos Óg le chéile a threoróidh an BOO chun riachtanais seirbhíse a fhorbairt d'eagraíochtaí maoinithe bunaithe ar fhíorléiriú ar riachtanais daoine óga ina gceantar féin. Cinnfidh sé seo an plean oibre do 2024-2027. Cuimseoidh an taighde sin cur chuige for-rochtana maidir le dul i gcomhairle le daoine óga nach bhfuil rannpháirteach i soláthar seirbhíse don aos óg, chun a fháil amach cén fáth. Tabharfaidh an plean sin treoir agus tacaíocht dúinn chun ceantair a shainaithint nach bhfuil aon soláthar seirbhíse iontu faoi láthair agus i gceantair ina bhfuil soláthar seirbhíse ann, chun a chinntiú go bhfuil sé leordhóthanach.

Beidh pleanáil, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ar ár soláthar díreach in CFM (Clár Foghlama Malartach) agus Spóirt ag teacht le riachtanais UBU agus in 2024, sainaithneoidh an fhoireann bealaí nua agus nuálacha chun dul i dteagmháil le daoine óga trí chláir forbartha sóisialta agus pearsanta a sholáthar i dtimpeallacht foghlama atá spraíúil agus neamhfhoirmiúil.

Tá an Rannóg Óige agus Spóirt i mbun athrú atá thionchar na timpeallachta seachtraí atá romhainn anois. Is iad na treochtaí nua a bhfuil daoine óga aireach orthu ná tionchar na meán sóisialta, bulaíocht ar líne, vápáil, piarbhrú agus imní. Tá na seirbhísí óige a dtacaíonn ár roinn leo ag teacht chucu féin arís tar éis covid. Tá méadú tagtha ar na dúshláin sheachtracha a théann i bhfeidhm ar na heagraíochtaí

sin agus tá go leor tacaíochta ag teastáil ó thaobh oiliúna agus forbartha de. Cuirfidh an rannóg óige agus spóirt é sin san áireamh ina bplean thar na 12 mhí atá romhainn.

Is iad na príomhthosaíochtaí don chéad 12 mhí eile ná ár roinn a athshocrú agus a atógáil agus caidrimh nua a fhorbairt lenár n-eagraíochtaí maoinithe mar gheall ar na hathruithe laistigh den fhoireann óige agus spóirt. Beidh sé seo mar aon lenár riachtanais seirbhíse a athailíniú do riachtanais na ndaoine óga sa cheantar, oiliúint agus tacaíocht do na heagraíochtaí maoinithe agus soláthar óige níos nuálaí a chur chun cinn sa réigiún mar phríomhfhócas na Roinne i rith na bliana seo chugainn.

## Forbhreathnú ar Earnáil Iar-bhunscoile BOOÁCDL

22,436 Foghlaimeoir

31 Coláiste Pobail lena n-áirítear 4 Ghaelcholáiste agus 1 Aonad Lán Gaeilge

Comhphátrún ar 1 Scoil agus iontaobhaí ar 17 bPobalscoil

10 Scoil faoi Scéim DEIS

10 Scoil le Clár Críochnaithe Scoile agus Teagmháil Bhaile, Scoil agus an Pobal (HSCL)

30 Seomra Ranga Speisialta ar fud 16 scoil

Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas, le Comhordaitheoir Éitis i ngach scoil

10 Scoil ag glacadh páirt i gCuraclam na bPátrún

Líonraí Comhoibritheacha agus FGL do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí

Clár Naisc Dhigitigh agus Roinn Tacaíochta TF

Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL

Foireann Tacaíochta Iar-bhunscoile agus Comhordaitheoirí Cláir a éascaíonn agus a stiúrann FGL

ar dheiseanna forbartha gairmiúla atá comhsheasmhach, ar ardchaighdeán agus cuimsitheach.

## Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (BrOO)

Tá an earnáil BrOO in BOOÁCDL comhdhéanta de cheithre sheirbhís atá lonnaithe in 40 Ionad, a bhfuil a sainaitheantas agus a spriocghrúpaí foghlaimeoirí féin ag gach ceann acu. Áirítear leis seo ceithre Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh atá bunaithe go geografach, cúig Choláiste Breisoideachais tiomnaithe, sé Ionad Breisoideachais atá lonnaithe i scoileanna iar-bhunscoile ar a dtugtar scoileanna Désholáthair, trí Ionad Oiliúna atá lonnaithe i mBaile Dúill, i dTamhlacht agus i mBaile Uí Lachnáin, agus 11 Ionad Ógtheagmhála. Tacaíonn na hIonaid Oiliúna freisin le soláthraithe seachtracha atá ar conradh ag BOOÁCDL chun oideachas agus oiliúint a sholáthar, lena n-áirítear trí Ionad Oiliúna Pobail, cúig Sholáthraí Oiliúna Speisialaithe, trí Cheardlann Cheartais agus seacht dTionscnamh Oiliúna Áitiúil a chuirtear ar fáil sa phobal. Cuireann BOOÁCDL réimse seirbhísí ar fáil freisin trí shocruithe comhoibrithe le heagraíochtaí eile, deontais agus tionscnaimh eile.
Tá forbhreathnú ar éachtaí BrOO in 2023 ar fáil thíos:




Le linn 2023, b'ionann líon iarbhír na gcláruithe ar sholáthar BrOO BOOÁCDL agus 39,086. Is ionann é sin agus méadú 33% ar líon iarbhír na dtairbhithe in 2022.
Ghlac breis is 10% d'fhoghlaimeoirí BrOO páirt go náisiúnta i soláthar BrOO BOOÁCDL in 2023, agus tháinig méadú díreach os cionn 20% ar líon na bhfoghlaimeoirí aonair in BrOO freisin. Chabhraigh an méadú sin le méadú 23% ar líon na bhfoghlaimeoirí i soláthar lánaimseartha BrOO Iar-ardteistiméireachta in 2023.

Beidh fócas leanúnach ar líon na bhfoghlaimeoirí faoi mhíchumas atá rannpháirteach i soláthar BOO a mhéadú. Chun a chinntiú go gcomhlíonann soláthar BrOO a gcuid riachtanas, leanann foireann BrOO de bheith rannpháirteach i ndeiseanna forbartha gairmiúla ar nós Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus dírítear níos mó ar rochtain ar fhaisnéis faoi thacaíochtaí airgeadais agus eile atá ar fáil do na foghlaimeoirí seo a leathnú agus iad ag glacadh páirt i gclár BOO.

Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin agus an méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí a bhí ag lorg cosanta in Éirinn ó gach cearn den domhan, sháraigh BrOO a sprioc réamh-mheasta ranganna Béarla a mhéadú de bhreis is 70% in 2023. Tá leibhéal an éilimh sa réigiún seo chomh mór sin go leanfaidh BOOÁCDL de bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais teanga agus oideachais na ndídeanaithe agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (CI) in 2024.

I gcomhréir leis an déimeagrafaic i réigiún BOOÁCDL, tá an t-éileamh ó eagraíochtaí pobail oibriú le BOOÁCDL chun oideachas pobail a sholáthar ag fás i gcónaí. Tá sé mar aidhm ag oideachas pobail bealaí a réiteach chuig féidearthachtaí nua dóibh siúd is mó atá i mbaol imeallú. In 2024, de réir na Straitéise náisiúnta BrOO, forbrófar plean chun creat nua don Oideachas Pobail a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go leanann soláthar BrOO de bheith ag freastal ar riachtanais na bpobal nua atá ag fás go tapa.

In BOOÁCDL tá béim riamh anall ar a chinntiú go dtugann BrOO aghaidh ar riachtanais buíne suntasaí daoine fásta sa réigiún a bhfuil leibhéil ísle litearthachta, uimhearthachta agus scileanna TF acu. Mar thoradh ar an Straitéis um Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol (ALL) a thabhairt isteach in 2021, cuireadh béim níos láidre ar chur chuige níos comhoibrithí as ar tháinig bunú na Comhghuaillíochta Réigiúnaí Litearthachta in 2023. Beidh ról lárnach ag an gComhrialtas maidir le Plean Litearthachta Réigiúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar a éilítear i Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol (Straitéis Litearthachta 10 mbliana do Dhaoine Fásta ALL). Leanfaidh soláthar BrOO ar aghaidh ag tógáil tras-scileanna agus croíchumas a ligeann do rannpháirtithe bogadh ar aghaidh chuig deiseanna foghlama níos forbartha agus tá spriocanna le baint amach aige maidir leis seo.

In 2024, leanfaidh BOO de bheith ag plé le Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta agus leis na Seirbhísí Treoirchomhairleoireachta agus Faisnéise d'Aosaigh d'fhonn Pobal Cleachtais a bhunú leis an bhfoireann ar fad a sholáthraíonn tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí in ionaid agus i gcoláistí scoileanna BOO. Tacóidh an pobal cleachtais leis an bhfoireann chun plean a fhorbairt chun rochtain d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste a uasmhéadú, ar sheirbhísí treoirchomhairleoireachta comhsheasmhacha d'ardchaighdeáin agus ar fhaisnéis faoi na tacaíochtaí agus na deiseanna dul chun cinn atá ar fáil dóibh.

Tá miondealú ar líon na dtairbhithe réamh-mheasta i soláthar BrOO do 2024 ar fáil sa tábla thíos:

| Clár | Réamh-mheastacháin 2024 (Tairbhithe) |
|---|---|
| Litearthacht dAosaigh | 3,217 |
| Printíseacht 2016+ | 360 |
| Printíseachtaí Ceardaíochta | 2,238 |
| Oiliúint Chumaisc | 450 |
| Grúpaí Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO) | 3,646 |
| Oideachas Pobail | 6,931 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 218 |
| BCTE | 6,110 |
| Oiliúint sa Tráthnóna | 1715 |
| Uaireanta Comhoibrithe BrOO | 121 |
| Conairí BrOO ón Scoil | 54 |
| Ceardlanna Ceartais | 58 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 253 |
| r-Choláiste Ar Líne | 98 |
| Cúrsaí Iar-ardteistiméireachta (CI) | 5,709 |
| Scileanna don Obair | 693 |
| Scileanna le Dul Chun Cinn | 2,055 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 301 |
| Oiliúint Scileanna Sainiúla | 2,735 |
| Fostaithe i gCúrsaí Oiliúna | 516 |

| | |
|---|---|
| Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna | 195 |
| SDOG | 461 |
| Ógtheagmháil | 708 |
| **Iomláin** | 38,842 |

Tá forbairt ghairmiúil d’fhoireann BrOO ríthábhachtach i gcónaí chun eispéireas foghlaimeora ar ardchaighdeán agus dea-rialachas a chinntiú. Dá bhrí sin, in 2024, trí chlár forbartha gairmiúla, tabharfar tacaíocht d’fhoireann BrOO chun daoine fásta leochaileacha agus leanaí atá rannpháirteach i soláthar BrOO a chosaint. Seolfar mol nua Forbartha Gairmiúla ar líne freisin as a dtiocfaidh cumarsáid níos fearr maidir leis na deiseanna FG atá ar fáil d’fhoireann BrOO agus a spreagfaidh rátaí rannpháirtíochta níos fearr in 2024.

I gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta BrOO, leanfar leis an bhfócas ar bhonneagar caipitil BrOO a fheabhsú. Tabharfar tús áite d'ullmhúchán do Choláistí Breisoideachais agus Oiliúna a thabhairt isteach ar fud an réigiúin. Rachaidh pleananna chun Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna a thógáil i Sord chun cinn, lena n-áirítear roghnú suímh agus críochnú an réamhcháis gnó.

# Airgeadas 2024

## Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire

## Caiteachas Réamh-mheasta - Scoileanna & Ceannoifig

| **Íocaíochtaí Scoileanna & Ceannoifige** | **Bliain dar críoch 31/12/2024 €'000** | **Bliain dar críoch 31/12/2023 €'000** |
|---|---|---|
| **PÁ** | | |
| Treoir | 135,264 | 129,155 |
| Riarachán | 6,504 | 6,315 |
| Cothabháil | 3,460 | 3,359 |
| | 145,228 | 138,829 |
| | | |
| **NEAMHPHÁ** | 9,894 | 11,218 |
| | | |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| Ciste Tacaíochta Seirbhísí Mac Léinn | 2,114 | 1,923 |
| Caip. Covid19. (glantachán, díghalrán, tcp) | 0 | 1,427 |
| Maoirseacht fheabhsaithe Covid19 | - | 0 |
| Deontas díghalráin & tcp Covid19 | - | 0 |
| Deontas tacaíochta glantacháin Covid19 | - | 0 |
| Deontas Leabhar | 248 | 341 |
| Deontas DEIS & Idirchaidreamh Scolaíocht Bhaile | 407 | 596 |
| Roinn Digiteach TFC | 0 | 228 |
| An Idirbhliain | 360 | 228 |
| Cláir Eile (12 san iomlán) | 410 | 383 |
| | 3,539 | 5,126 |
| | | |
| | **158,278** | **155,173** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Bunscoile** | | |
| Deontas Caipitil PSN | 860 | 724 |
| Deontas Seirbhíse Coimhdeach PSN | 750 | 597 |
| Caip. Covid19. (glantachán, díghalrán, tcp) | - | 294 |
| Deontas díghalráin & tcp Covid-19 | - | - |
| Deontas tacaíochta glantacháin Covid 19 | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| Iompar Scoile PSN | 189 | 180 |
| Deontas DEIS PSN | 137 | 174 |
| Cláir Eile (8 san iomlán) | 387 | 356 |
| | **2,323** | **2,325** |

## Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2024

### Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire

### Fáltais & Caiteachas Réamh-mheasta

| | **Bliain dar críoch 31/12/2024 €'000** | **Bliain dar críoch 31/12/2023 €'000** |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | |
| Iar-bhunscoileanna & Ceannoifig | 149,172 | 151,829 |
| Bunscoileanna | 2,323 | 2,365 |
| Breisoideachas & Oiliúint | 92,802 | 81,251 |
| Seirbhísí don Óige | 12,287 | 10,792 |
| Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe | 12,049 | 10,947 |
| Caipiteal | 18,950 | 18,520 |
| **IOMLÁN** | 287,583 | 275,704 |
| | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Iar-bhunscoileanna & Ceannoifig | 158,661 | 155,173 |
| Bunscoileanna | 2,323 | 2,325 |
| Breisoideachas & Oiliúint | 92,802 | 81,496 |
| Seirbhísí don Óige | 12,287 | 11,377 |
| Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe | 12,049 | 10,953 |
| Caipiteal | 18,950 | 18,579 |
| **IOMLÁN** | 297,072 | 279,903 |
| | | |
| **Barrachas Airgid / (Easnamh) Don Bhliain** | (9,489) | (4,199) |

| | | |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) Airgid a Réiteach | | |
| Príomh-Scéim Pá | (8,693) | [redacted] |
| Príomh-Scéim Neamhphá | (796) | |
| | (9,489) | |

**Nóta:** Tá Táirgeacht 2023 faoi réir iniúchadh

## Caiteachas Réamh-mheasta - Breisoideachas & Oiliúint

### Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire

| ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA | **Bliain dar críoch 31/12/2024 €'000** | **Bliain dar críoch 31/12/2023 €'000** |
|---|---|---|
| Pá PLC | 16,076,631 | 14,196,740 |
| Costais Oibriúcháin | 16,692,906 | 13,819,979 |
| | | |
| Printíseacht | 15,228,743 | 10,210,848 |
| Ógtheagmháil | 7,834,325 | 7,551,618 |
| Soláthraithe Sainoiliúna (STP) | 3,763,379 | 3,514,806 |
| Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas | 4,497,540 | 4,414,218 |
| Bridging Foundation & Oiliúint Scileanna | 4,313,462 | 4,189,453 |
| SDOG | 4,124,775 | 3,611,200 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 2,849,209 | 2,215,178 |
| Oideachas Pobail | 2,203,277 | 2,120,200 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 2,212,669 | 2,110,107 |
| Scileanna le Dul Chun Cinn | 738,229 | 851,472 |
| Cúrsaí Oiliúna | 1,680,026 | 1,519,098 |
| Uaireanta Comhoibrithe | 1,875,211 | 1,620,926 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 1,621,388 | 1,530,871 |
| Cláir Eile (29 san iomlán) | 7,090,548 | 8,019,761 |
| | | |
| **Iomlán** | **92,802,318** | **81,496,475** |

